# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2017

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Léann Clasaiceach

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# Réamhrá

Is fadréimseach agus is ilchineálach é an cúrsa Ardteistiméireachta sa Léann Clasaiceach. Déantar staidéar sa chúrsa ar an stair, ar an staireolaíocht, ar an bhfealsúnacht, ar an litríocht i seánraí éagsúla (lena n-áirítear drámaíocht, filíocht eipiciúil agus filíocht liriciúil), mar aon le healaín agus an ailtireacht. Léiríonn na ceisteanna ar an scrúdpháipéar an éagsúlacht seo i dtaca le cineálacha cur chuige agus scileanna. Dá bhrí sin, cuirtear an scéim mharcála in oiriúint don idirdhealú seo idir na topaicí aonair agus na ceisteanna. Maidir le ceisteanna dioscúrsacha, bíonn scrúdaitheoirí sa tóir ar phointí forbartha i bhfreagraí na n-iarrthóirí agus bronnann siad marcanna de réir an oiread forbartha a dhéantar ar na pointí seo. Ní mór do na pointí seo a bheith indibhidiúil agus substaintiúil.

Go ginearálta, seo a leanas is brí le pointe cuimsitheach a ndéantar forbairt mhaith air:

- tugtar aird chuí ar na focail ordaithe sa cheist, e.g. déan trácht ar, déan cur síos ar, déan anailís ar, déan plé ar, déan measúnú ar, tabhair tuairim, etc.
- tugtar aghaidh ar an gceist go díreach
- bunaítear nasc soiléir idir an cheist a chuirtear agus an t-ábhar dualgais
- léirítear an argóint nó an fhaisnéis go soiléir
- comhlíontar an méid thuas de réir fad sásúil. Braitheann an fad seo ar chomhthéacs na ceiste ach bheadh alt sách mór i gceist go hiondúil.

Faoi mar a luaitear thuas, teastaíonn éagsúlacht sa chineál ceiste a chuirtear agus sa scéim mharcála mar gheall ar an éagsúlacht atá ina dlúthchuid den siollabas. Is follasach an méid seo, go háirithe sna ceisteanna faoi 'Ealaín agus Ailtireacht' (Topaic 8 agus 10), áit a bhféadfadh gur leor focal amháin nó pointe gearr corruair chun marcanna iomlána a fháil. Sna topaicí seo, táthar ag súil le téarmaí teicniúla cearta chun marcanna iomlána nó chun marcanna arda a fháil.

Leagtar leithdháileadh na marcanna as gach ceist agus focheist amach sa scéim mharcála thíos.

Tá na critéir maidir le roinnt ceisteanna dioscúrsacha a mheas le feiceáil in Aguisín 1.

Beidh intinn oscailte ag na scrúdaitheoirí le linn dóibh obair na n-iarrthóirí a mharcáil agus tuiscint acu ar an gcás go bhféadfadh iarrthóir ábhar, argóint nó tuairimí a thabhairt nach bhfuil sa scéim mharcála ach atá bailí mar sin féin. Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid a leanas: Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna a bheith difriúil ó bhliain go bliain.

Bainfidh na scrúdaitheoirí úsáid as raon iomlán na marcanna atá ar fáil le haghaidh gach ceiste nó focheiste.

# Scéim Mharcála M86

## Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta.

(i)

(a) Tá na Coircíoraigh faoi bhagairt óna naimhde, an Choraint a bhfuil cabhlach an-mhór acu. Teastaíonn cosaint na nAithneach uathu, dream nach bhfuil ag réiteach leis an Choraint ach an oiread agus atá i bhfad níos láidre ná iad.

**Dhá phointe. (8, 7.) (15 mharc)**

(b) Tá aiféala ar na Coircíoraigh anois mar gheall ar a neodracht roimhe seo agus deir siad nár thug siad an breithiúnas ceart sa chás seo. Admhaíonn siad nach féidir leo teacht slán astu féin ar na Corantaigh mar gheall ar a gcabhlach nua méadaithe. Deir siad go gcuirfidh siad ina luí ar na hAithnigh cabhrú leo chun a leasa féin. Ar dtús, cuireann siad in iúl nach iadsan na hionsaitheoirí; is iad na Corantaigh na hionsaitheoirí. Deir siad go bhfuil an dara cabhlach is mó sa Ghréig acu agus go mbeidh siad anois ag tacú leis na hAithnigh agus go mbeidh siad buíoch díobh go deo na ndeor má chabhraíonn siad leo anois. Beidh meas ag an domhan freisin ar a bhflaithiúlacht. Deir siad freisin nach féidir cogadh a sheachaint agus gurb í an Aithin fíorsprioc na Corainte. Cé gurb í an Choraint a máthairchathair, níl siad faoi chomaoin aici. Bhí siad sásta dul chun eadrána ach dhiúltaigh an Choraint. Cuireann siad in iúl nach sáróidh an comhaontas an Conradh idir Sparta agus an Aithin, agus gur iontach an rud an comhaontas idir dhá chabhlach láidre. Deir siad freisin go bhfuil Coircíora lonnaithe go straitéiseach ar an mbealach go dtí an tSicil. Ar a laghad, ba cheart dóibh cosc a chur ar a ngéillsinigh féin liostáil leis an namhaid, ach b'fhearr fós comhaontas ceart.

**Trí phointe. (9, 8, 8.) (25 marc)**

(c) Bhí dhá chruinniú, ag an gcéad chruinniú bhí an tromlach ar son na gCorantach, ach ag an dara cruinniú chinn siad ar chomhaontas cosanta nach dtiocfadh i bhfeidhm ach amháin dá ndéanfaí ionsaí ar Choircíora nó ar an Aithin ón taobh amuigh.

**Pointe amháin. (10 marc)**

(ii)

(a) Bhí an dá thaobh traochta, bhí sé beagnach deich mbliana díreach ó thosaigh an cogadh. Bhí na Spartaigh cloíte ag Sfaictéiria agus Pulas agus chaill siad Brasadas, a nginearál. Chaill na hAithnigh duine dá nginearál ceannasacha, Cléón agus buaileadh go dona iad ag Delium agus Amfapoil. Bhí a fhios ag an dá thaobh nach raibh siad in ann leanúint ar aghaidh le neart ar bith agus gur theastaigh uathu a neart a atógáil.

**Trí phointe. (10, 10, 10.) (30 marc)**

(b) Síníodh Síocháin Nicias tar éis Cath Amfapoil inar chaill na hAithnigh. Faoin am seo, bhí an dá thaobh traochta agus theastaigh briseadh uathu. D'aontaigh an dá thaobh gach rud a bhuaigh siad sa chogadh a thabhairt ar ais seachas Nisaea a d'fhanfadh i lámha na

nAithneach agus Plataea a d’fhanfadh faoi rialú na Téibhe. Thabharfaí príosúnaigh Spartacha ar ais ó Sfaictéiria agus gheobhadh an Aithin Amfapoil ar ais. Bheadh neamhspleáchas ar ais ag Deilfe agus bheadh teampaill ar fud chathracha na Gréige oscailte d’aon duine le bheith ag adhradh. Leanfadh an Aithin ag bailiú cíosa, ach ní chun iallach a chur ar stáit eile tabhairt isteach agus thiocfadh an Aithin i gcabhair ar Sparta dá n-éireodh Helots amach.

**Trí théarma. (7, 7, 6.)** **(20 marc)**

(iii)

(a) Sa bhliain 416 RCh., chuaigh na hAithnigh i gceannas ar shluaíocht go dtí Méileas, ar choilíneacht Spartach í. Bhí 38 long ag na hAithnigh mar aon le 1,200 hoiplíteach, 300 boghdóir, 20 boghdóir ar chapall agus thart ar 1,500 hoiplíteach de chuid a gcomhghuaillithe. Chuir siad ionadaithe chuig an dream a bhí i gceannas le rá: Nárbh aon mhaith dóibh deisbhéalaí gan bhrí gan substaint, ag éileamh, “go ndéanann an té atá láidir a bhfuil de chumhacht aige a dhéanamh agus go nglacann an té atá lag lenar gá dó glacadh”. Táimid anseo ar mhaithe lenár n-impireacht féin agus táimid ag iarraidh go dtiocfaidh sibh slán ó scriosadh na cathrach seo agaibhse. Dá ngéillfeadh sibh, bheadh sibh do bhur sábháil féin ón tubaiste. Dá mbeimis róchairdiúil libh, cheapfadh ár gcuid géillsineach go bhfuilimid lag, rud nach féidir linn a cheadú. Is muide atá i gceannas na mara agus is oileán sibhse, mar sin caithfimid sibh a chur faoi smacht le go mbeidh ár n-impireacht slán. Má tá ciall agaibh, tuigfidh sibh nach bhféadfadh an bua a bheith agaibh agus gur chóir daoibh géilleadh. “Is daor é an dóchas”. Bígí céillí agus ná cuirigí bhur ndóchas i dtuairimí doiléire. Tá na déithe ag tacú linne an oiread céanna agus libhse. Is dual dúinn bheith i gceannas ar ar féidir linn; nílimid ach ag déanamh de réir dhlí an nádúir. Ná bígí ag ceapadh go dtiocfaidh Sparta ag cabhrú libh, mar is amaideach an smaoineamh é. Ní minic a dhéanann siad an rud uasal mura bhfeileann sé dóibh féin. Cén seans atá agaibh teacht slán inár gcoinne? Is iontach mar a éiríonn linn agus muid i mbun léigir. Má sheasann sibh le meon amaideach uaisleachta, is é bhur scriosadh é. Is stuama an smaoineamh i gcónaí é caitheamh le bhur gcuid uachtarán le hurraim agus le hómós.

**Trí phointe. (7, 7, 6.)** **(20 marc)**

(b) Is é an rud a dúirt muintir Mhéileas: Seo argóint nach féidir linn a bhuachan mar go bhfuil sibhse ag bagairt ionsaí orainn le fórsa ollmhór. Níl de rogha againn ach géilleadh nó déanfar ionsaí orainn. Ba chóir do gach duine é féin a iompar go ceart agus go cóir i leith a chéile, mar sin an rud ba mhian libh féin dá dtitfeadh sibh sa chomhrac. Cén mhaith dúinne é bheith inár sclábhaithe agus sibhse in bhur máistrí orainn? Nárbh fhéidir linn fanacht neodrach? Nílimid ceangailte libh; ní ceann de bhur gcuid coilíneachtaí muid. Nach cinnte go mbeidh stáit neodracha eile naimhdeach libh nuair a fheicfidh siad an chaoi a bhfuil sibh ag caitheamh linn? Nár láidre bhur naimhde dá dheasca? Is cinnte gurb é an t-aon rud uasal is féidir linn a dhéanamh diúltú don sclábhaíocht. Uaireanta, ní féidir a thomhas cén toradh a bheidh ar chogadh agus bíonn malairt chinniúna ann; má sheasfaimid an fód, beidh dóchas againn ar a laghad. Tá muinín againn as dea-mhéin na ndéithe toisc go seasaimid ar thaobh an chirt. Is iad ár muintir iad na Spartaigh a thaobhóidh agus a chabhróidh linn. Beidh sé ar a

leas féin. Mura dtiocfaidh siad iad féin, seans go gcuirfidh siad daoine eile chugainn. Cuirimid ár ndóchas iontusan agus sna déithe. Táimid saor le 700 bliain anuas agus nílimid chun an tsaoirse sin a chaitheamh uainn anois.

**Trí phointe.** **(7, 7, 6.)** **(20 marc)**

(c) Ag deireadh na heipeasóide seo, chuir na hAithnigh cathair Mhéileas faoi léigear agus gabh siad í. Chuir siad chun báis na fir ar fad a bhí in aois mhíleata, dhíol siad na mná agus na leanaí i gcomhair sclábhaíochta.

**Pointe amháin.** **(10 marc)**

(iv)

(a) Áititheacht Alcaibiaidéas: Féadfar ceachtar de na heipeasóidí seo a leanas a úsáid lena léiriú chomh maith is a bhí sé ag labhairt agus gur thaitin sé leis an slua. Is cosúil go raibh sé in ann a chur ina luí ar aon duine rud ar bith a dhéanamh. Ba cheart d'iarrthóirí a lua go bhfuil an chaoi ar éirigh leis a chur ina luí ar na hAithnigh é a thógáil ar ais tar éis tréigean náireach chuig an namhaid i rith an chogaidh dochreidte.

- Rinne sé argóint láidir don tSluaíocht chun na Sicile ag rá go gcaithfidh tú concais nua a phleanáil mar Impire. Is fuath leis saol ciúin. Dúirt sé dá bhfanfadh an chathair statach, go n-éireodh sí as dáta, caithfear coinneáil ag bogadh.
- Bhí Alcaibiaidéas i Sparta anois. Labhair sé go hiontach lena chur ina luí orthu muinín a bheith acu as (mar gheall ar chomh mór is a chuir sé ina n-aghaidh níos túisce). Mhínigh sé gur orthu féin a bhí an locht as seo mar gur thug siad neamhaird air agus rinne siad idirbheartaíocht trína naimhde. Cuireann sé i gcuimhne dóibh go ndearna a theaghlach ionadaíocht ar son na Spartach i gcónaí san Aithin, agus chuir sé síos ar an daonlathas mar rud "áiféiseach". Ghríosaigh sé na Spartaigh cabhrú leis na Siciligh in aghaidh na hAithne agus dúirt sé gur ar mhaithe leo féin a bheadh sé. Dúirt sé leis na Spartaigh gurb é an rud a raibh an faitíos is mó ag na hAithnigh roimhe láidriú Decelea, agus dá bhrí sin gurb é sin ba cheart dóibh a dhéanamh, agus an t-airgead a choinneáil ó Laurium. Déanann sé leithscéal cliste as an bhfeall a rinne sé ar a chathair trína rá gur chaith sí go dona leis agus nach í a chathair í níos mó. Deir sé go mbeidh sé an-úsáideach mar chara, mar a bhí sé contúirteach mar namhaid.
- Ina dhiaidh sin, rinne sé iarracht a chur ina luí ar mhuintir Chian éirí amach in aghaidh na hAithne, ag ceilt orthu chomh dona is a bhí ag éirí leis na Spartaigh ag an am.
- Níos déanaí, d'éirigh na Spartaigh amhrasach agus theastaigh uathu é a mharú. Ghlac sé dídean leis an bPeirseach, Tissaphernes agus rinne sé iarracht dochar a dhéanamh do chúis na Spartach ansin. Mhínigh sé dóibh gur fearr an Aithin a choinneáil níos cumhachtaí in aice leis an bhfarraige agus Sparta ar an talamh ionas nach mbeadh ceachtar acu ró-láidir le láimhseáil. Ba cheart dó deis a thabhairt dóibh a chéile a thuirsiú. Theastaigh ó Alcaibiaidéas anois go nglaofaí ar ais chuig an Aithin air. Sheol sé teachtaireacht ar ais dá mbeadh olagarcacht i gceannas, go mbeadh sé toilteanach filleadh agus cúnamh a thabhairt. Gheall sé cúnamh rí na bPeirseach dóibh.

• Níos déanaí, tugadh Alcaibiaidéas chuig Samos, labhair sé go háititheach leis an arm, ag déanamh mór is fiú dá thionchar le Tissaphernes agus an méid airgid agus tacaíocht a thabharfadh sé dóibh. Labhair sé faoin gcaoi ar caitheadh leis féin nuair a díbríodh é agus thug sé an-mholadh dó féin. Deir sé go ndéanfadh Tissaphernes rud ar bith don Aithin, dá nglaofadh siad ar ais orthu go dtí an chathair. Thogh an t-arm ina ghinearál é. Bhí sé "ag úsáid Tissaphernes chun na hAithnigh a scanrú agus na hAithnigh chun Tissaphernes a scanrú".

**Trí phíosa fianaise. (7, 7, 6.) (20 marc)**

(b) Mífhreagracht agus leithleachas Alcaibiaidéas: Dhéanfadh ceann ar bith de na samplaí seo a leanas don cheist seo. Ba cheart go mbeadh iarrthóirí in ann a léiriú go dtaispeánann a chumas le taobhanna a athrú le feiliúint dá ionchais ghairme féin a easpa dílseachta d'aon duine ach é féin. Tá sé iontach go gcuireann sé daoine in aghaidh a chéile lena chuid bréaga agus a chreideamh go bhféadfadh sé pé rud ba mhian leis a dhéanamh ó bhí sé óg. Is duine iontach mífhreagrach agus leithleach é mar gheall go raibh sé sásta an oiread a chur i mbaol don oiread sin daoine chun é féin a chur chun cinn.

• Bhí sé míshásta mar gheall gur thug na Spartaigh neamhaird air agus gur roghnaigh siad déileáil le Nicias agus Laches, agus go ndearna siad argóint láidir ar son comhghuaillíocht le Argos. Cé go raibh a mhuintir i bhfabhar chúis na Spartach go traidisiúnta san Aithin.

• Nuair a labhair teachtaí na Spartach leis an gComhairle, bhí siad soiléir go raibh cumhachtaí iomlána acu conradh a dhéanamh, ach chuir Alcaibiaidéas ina luí orthu gan é seo a nochtadh don Chomhthionól. Gheall sé dóibh go dtroidfeadh sé a gcás. Ach nuair a tháinig an t-am, d'fheall sé ar a fhocal agus labhair sé ina n-aghaidh, ag cur bearna mhór idir iad agus Nicias.

• Roimh an tSluaíocht chun na Sicile, cháin Nicias Alcaibiaidéas go géar agus go hoscailte ag an gComhthionól. Dúirt sé go raibh sé leithleach, ró-óg dá phost agus chuir sé ina leith go raibh sé ag maíomh as a chapaill bhreá agus ag caitheamh saol an-chostasach. Thug sé rabhadh don Aithin go gcuirfeadh Alcaibiaidéas an stát i mbaol "chun saol iontach dá chuid féin a bheith aige". Ghlaoigh sé "fear óg faoi dheifir" air.

. • Roimh an tSluaíocht, rinneadh loitiméireacht ar go leor de Hermae na cathrach. Rinne naimhdí Alcaibiaidéas ceangal idir é féin agus a chairde leis an eachtra.

• Bhí Alcaibiaidéas ag súil go n-éireodh leis an tsluaíocht an tSicil agus Carthage a chloí agus go dtabharfadh sé saibhreas agus onóir iontach chuige. Chuir sé faitíos ar dhaoine níos déanaí mar gheall ar "cáilíocht ann a bhí níos mó ná an gnáthrud agus a nochtaigh é féin san aindlí ina shaol príobháideach ..." Níos déanaí, cheap siad gur theastaigh uaidh bheith ina dheachtóir. Bhí a iompar sa chogadh iontach, ach bhí a shaol príobháideach déistineach.

Chuir sé i gcuimhne do na hAithnigh an onóir a thug sé chuig an gcathair ag na Cluichí Oilimpeacha, ag iontráil seacht gcarbad (níos mó ná aon duine eile riamh) agus ag teacht sa

1ú, 2ú agus 4ú háit. Dúirt sé gur chuir an cineál seo ruda (e.g. iontas a chóir etc.) éad ar dhaoine eile.

Dúirt sé go raibh sé nádúrtha dóibh siúd nach raibh cothrom leis fuath a bheith acu dó, ach lá éigin go mbeidís ag maíomh go raibh aithne acu air. Deir sé go hoscailte gur theastaigh uaidh gaisce a dhéanamh.

**Trí phíosa fianaise. (10, 10, 10.)** **(30 marc)**

# Topaic 2. Alastar Mór.

(i)

(a) I dtosach, diúltaíonn Alastar d'fhianaise Phairméinión le fanacht go dtí an mhaidin chun ionsaí a dhéanamh. Feiceann sé é sin mar chomhartha laige, measann sé go bhféadfadh sé sin cur le meanma an namhad. Coinníonn ceannaire na Macadóine súil ar shruth na habhann agus deir lena chuid fear dul trasna ar chlaonadh ón sruth. Cuireann sé Pairméinión i gceannas ar an gcliathán clé leis an Marcra Teasálaigh ar an gcliathán chlé antoisceach, Pairméinión ar an gcliathán ó dheas agus Niocanór agus Coenus in aice leis. Téann sé ar dheis ag barr aonaid de Mharcshlua na gCompánach ar chruth dinge. Bhí an falang de shaighdiúirí coisithe sa lár. Déanann Alastar ionsaí ar dtús, mar aon le cúpla aonad de shaighdiúirí coisithe, agus ina dhiaidh sin an falang ar éirigh go dona leis ar dtús, ag iarraidh dul suas bruach na habhann i gcoinne an namhad. Ach chomh luath is a fuair an marcshlua an lámh in uachtair, bhí siad in ann na haonaid a bhí i dtrioblóid a thabhairt slán, agus d'athchruinnigh siad. Chuaigh Alastar, de réir mar a bhí cúrsa na bPeirseach á leagan amach, chuig na saighdiúirí tuarastail Gréagacha a bhí ina seasamh i líne ar gcúl, agus iad éiginnte fós faoina raibh ag tarlú. Bhí sé diongbháilte sampla a dhéanamh díobh chun daoine eile a raibh tuairimí den chineál céanna acu é a throid a chur dá dhroim. Maraíodh cuid mhaith, tógadh thart ar 2,000 beo. Chinntigh a straitéis agus a cheannaireacht go bhfuarthas bua cuimsitheach ar Memnon. Bhí thart ar 25 Comrádaí, 60 marcshlua eile agus 30 saighdiúir coisithe marbh agus leag sé leac cuimhneacháin a shnoigh Lysippus in onóir na bhfear seo. Thug sé searmanas adhlactha dóibh lena gcuid airm agus thug sé díolúine dá dteaghlaigh ó chánacha áitiúla. Ba rud cliste a bhí ansin toisc go raibh a fhios ag fear ar bith a throid dó anois, i gcás go bhfaigheadh sé bás, go bhfaigheadh sé adhlacadh breá agus go gcuimhneofaí air agus go gcabhrófaí lena theaghlach. Thug sé cuairt freisin ar dhaoine ar bhain gortuithe dóibh agus labhair sé leis na fir, ag fiafraí díobh conas a fuair siad na gortuithe agus níor stop sé iad nuair a rinne siad áibhéil ar a gcuid scéalta.

**Cúig threoirlíne. (8, 8, 8, 8, 8.)** **(40 marc)**

(b) Insíonn Airrianas dúinn chomh feiceálach dá chuid fear a bhí Alastar ag dul chun catha agus go deimhin is mar gheall ar a chrógacht phearsanta gur bheag nár bhásaigh sé anseo, is ar éigean a tháinig sé slán. Insíonn sé sin dúinn go raibh sé sa chontúirt chéanna i gcónaí is a bhí a chuid fear, dea-chomhartha i gceannaire ar bith. Bhí sé ar an gcéad duine a rinne ionsaí nuair a bhí na Peirsigh ag a líon ab fhairsinge. Tá a cheannaireacht agus a chaidreamh

lena chuid fear le feiceáil chomh maith sa chaoi a chaitheann sé leo tar éis an chatha. Léiríonn sé sin chomh maith is a bhí sé ag caidreamh pearsanta agus an chaoi a raibh sé in ann dul i gcion ar a chuid fear agus iad a spreagadh chomh mór agus a d'fhéad sé. Thug sé adhlacadh do na Peirsigh agus do na saighdiúirí tuarastail Gréagacha fiú amháin, a léirigh a dhaonnacht agus a chneastacht. Ach bhí sé géar ar na saighdiúirí tuarastail a tháinig slán agus sheol sé ar ais go Macadóin iad i slabhraí, níorbh namhad deas a bhí ann. Léirítear an chion a bhí aige ar an Aithin mar gur sheol sé 300 éide culaithe le taispeáint ansin. Taispeántar a mhodhúlacht, a bheag nó a mhór, nuair a ghlaonn sé "mac Philib agus na nGréagach" air féin.

**Pointe forbartha amháin.** **(10 marc)**

(ii)

(a) Ní gá d'iarrthóirí cúlra a thabhairt ar stair na snaidhme. Ba í an tsnaidhm i gcorda a chuir caoi ar chuingir an fhéin. Bhí sí ceangailte ar bhealach chomh glic sin nach bhféadfadh aon duine a tús ná a deireadh a fheiceáil. Is é an suntasacht a bhaineann leis d'Alastar go mbeadh an té a dhícheanglódh é ina mháistir ar an Áise.

**Pointe amháin míniúcháin.** **(10 marc)**

(b) Ba chóir go mbeadh an dá mhodh fhéideartha a luaigh Airrianas ar eolas ag iarrthóirí, ceann acu ba ea gur scaoil Alastar an chuingir ón bhféan agus dá bhrí sin gur scaoil sé an tsnaidhm. Is é an ceann eile gur ghearr sé an tsnaidhm lena chlaíomh.
**Dhá phointe míniúcháin. (13, 12.)** **(25 marc)**

(c) Insítear dúinn san eipeasóid seo go raibh piseoga ag Alastar agus go raibh an-suim agus creideamh aige in oracail agus i gcomharthaí. Is léir anseo go dteastaíonn uaidh bheith ina rialaitheoir ar an Áise. Taispeántar san eipeasóid seo chomh maith nach bhféadfadh Alastar dúshlán a dhiúltú. Thar aon ní eile, taispeántar a dhúthracht agus a fhéinsmacht sna bealaí inar chomhlíon sé an t-oracal.

**Pointe forbartha amháin.** **(15 mharc)**

(iii)

Bucephalas: Capall Alastar, dubh le stríoc damhchruthach, a tairgeadh do Philib ar phraghas 13 thallann. Ní raibh aon duine in ann é a cheansú, ach Alastar, buachaill, a dúirt go ndéanfadh sé iarracht dá dtabharfadh Pilib an capall dó. Chonaic sé go raibh faitíos ar an gcapall roimh a scáil féin agus d'éirigh leis é a cheansú. Dúirt Pilib sé go mbeadh ríochta nua ag teastáil uaidh, nach mbeadh an Mhacadóin sách mór dó. Níos déanaí, bhagair Alastar treibh ar fad a mharú nuair a gabhadh an capall in Bactria. Tugadh an capall ar ais. Fuair an capall bás tar éis cath Hiodaispéas.

**Trí phointe. (9, 8, 8.)** **(25 marc)**

Callastainéas: Staraí oifigiúil an turais, nia le Arastatal a cheap go raibh sé cliste ach a chruthódh trioblóid dó féin mar gheall ar a easpa céile. Chuaigh Callastainéas i bhfeidhm ar go leor de na Macadónaigh níos óige agus bhí cáil air as trioblóid a chothú agus as an smaoineamh go raibh Alastar ag éirí tíoránta. Is cosúil go ndúirt sé mar fhreagra ar cheist fear óg maidir le conas a bheith cáiliúil, "maraigh an fear is cáiliúla". Choimhthigh sé go leor de na Macadónaigh trí bheith an-dian agus cáinteach orthu. Sheas sé in aghaidh proskynesis, nó umhlú d'Alastar, áfach, a thaitin le go leor de na Macadónaigh. Ach seans gurbh é seo ba chúis lena thitim. Tharraing sé fearg Alastar a luaigh é le Comhcheilg na nGiollaí agus tharraing sé amach i slabhraí é nó chuir sé chun báis é, níl am ná cúis a bháis soiléir.

**Trí phointe. (9, 8, 8.) (25 marc)**

Pairméinión: An ginearál ar cheap Pilib go raibh sé iontach agus ar bhraith Alastar ar a thacaíocht chun cumhacht a fháil i dtosach. Ach áirítear le beagnach gach tagairt a dhéantar dó a chomhairle a dhiúltaíonn Alastar. Áirítear anseo roimh an Granicus; an freagra ar thairiscint Dáirias; an ionsaí oíche roimh Ghágaiméala agus samplaí eile. Ach, bhí sé féin agus a mhic sna poist ab airde san arm agus ba iondúil gur tugadh ceannas an eite chlé do Phairméinión. Chaithfeadh sé go raibh sé go maith ag a phost. Nuair a luadh a mhac, Fiolótas, i gcomhcheilg (b'fhéidir gur crochadh é), sheol Alastar beirt ginearál chuig Ecbatana áit a raibh Pairméinión le leath den arm agus cuireadh chun báis é.

**Trí phointe. (9, 8, 8.) (25 marc)**

**Dhá cheann ar bith díobh sin thuas. (50 marc)**

(iv)

(a) Dar le Arrian, theastaigh ó Alastar déanamh níos fearr ná mar a d'éirigh le Cíoras agus Semiramis a dhéanamh; thrasnaigh an bheirt acusan Fásach na Geadróisia ach is beag nár cailleadh an dá arm ar fad ina bhun sin. Bhí Alastar ar an eolas faoi na deacrachtaí a bhain leis an aistear ach shíl sé go bhféadfadh sé teacht rompu agus iad a shárú. B'fhéidir gurbh é ba mhó a bhí de chuspóir aige, bealaí nua taistil a thriail agus beart a dhéanamh a bhí ag cinneadh ar dhuine ar bith eile go dtí sin. Teoiric eile is ea gur theastaigh uaidh teagmháil a dhéanamh lena chabhlach a bhí ag seoltóireacht comhthreomhar le cósta na Geadróisia. D'fhéadfaí breathnú air chomh maith mar bhealach chun pionós a ghearradh ar a fhir as a gceannairc ag Abhainn Hyphasis.

**Pointe amháin. (10 marc)**

(b) Ba é seo an triail ba mhó a bhí ag Alastar riamh fiú más cosúil go ndearnadh mór is fiú den líon daoine a maraíodh. Tugann Arrianas cuntas an-soiléir ar an uafás a bhain leis an aistear. Luaitear easpa soláthair agus, go háirithe, ganntanas uisce. Ní raibh de rogha ag fir ach ainmhithe iompair a mharú agus a ithe. Níorbh fhéidir an teas a sheasamh agus fuair ainmhithe bás mar gheall ar an teas chomh maith le daoine. Fágadh na heasláin le bás a

fháil. Bhí an slua ar fad ar strae ar feadh laethanta fada. Thug maidhmeanna tuile cuid mhór daoine den saol.

**Dhá dheacracht.** **(10, 10.)** **(20 marc)**

(c) Áirítear ar na cáilíochtaí ceannaireachta a thaispeánann Alastar san eipeasóid seo an chaoi ar thug sé neamhaird ar fhir ag marú agus ag ithe ainmhithe iompair, an chaoi ar mhaith sé dóibh é gur chaith siad uathu roinnt de na lóid a bhí á n-iompar acu agus go háirithe an chaoi ar dhoirt sé amach an t-uisce as an gclogad go drámata, ag rá nárbh ghá dó féin ól mura bhféadfadh an t-arm ól, rud a bhí inspioráideach.

**Dhá phointe.** **(10, 10.)** **(20 marc)**

# Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.

(i)

(a) Bhí an-spéis ag Publius Clóidias i gcóisirí agus b'fhear mór mná é. Ba é a éacht ba mhó cáil an caidreamh bradach a bhí aige le Pompeiia, bean chéile Chaesair fad is a bhí sé ina phraetóir. Ghléas sé mar bhean a bhí ag seinm fliúite agus chuaigh sé isteach i ngan fhios chuig an bhféile Bona Dea sa teach tráth a raibh cosc ar na fir go léir dul isteach san áit. Déanann Plutarch cur síos ar an gcaoi ar tháinig cailín aimsire agus ansin máthair Caesar air. Bhí scannal mór ann. Níor scannal sóisialta amháin a bhí ann, ach ceann reiligiúnach freisin toisc go raibh rialacha beannaithe na féile briste aige. Tugadh chun trialach é mar gheall air seo.

**Cuntas comhleanúnach ar an eachtra. (12, 12, 11) (35 marc)**

(b) Bhí an oiread sin measa ar Publius Clóidias is gur dhiúltaigh Caesar, á thuiscint sin, fianaise a thabhairt ina choinne sa chúirt. Thaitin Clóidias agus Caesar go mór leis an slua agus theastaigh a ndearbhú uathu. Nuair a fiafraíodh dó cén fáth go bhfuair sé colscaradh óna bhean chéile ach go raibh sé anois ag diúltú fianaise a thabhairt in aghaidh Publius Clóidias (a raibh an-mheas ag an slua air), dúirt Caesar nár cheart go mbeadh aon amhras faoi bhean Chaesair. Ar deireadh, éigiontaíodh Clóidias mar gur scríobh formhór na mbreitheamh rud éigin nach bhféadfaí a léamh ionas nach bhféadfaí a chur ina leith gur chiontaigh siad é nó gur thacaigh siad lena iompar.

**Dhá phointe míniúcháin. (8, 7) (15 mharc)**

(ii)

(a) Baineann Sulpicius triail as roinnt bealaí chun sólás a thabhairt do Chiceаró in am an mhéala. Áirítear ina measc seo: Tá a oiread le fulaingt ag muintir na Róimhe mar gheall ar an iomad tubaiste i ngnóthaí poiblí is gur beag is féidir leis an méala sa saol príobháideach a chur d'fharasbarr air. B'fhéidir gur fearr an bás tráth oiread tubaiste agus atá ag tarlú. Dá bpósadh sí agus páistí a bheith aici, cén saol a bheadh rompusan? Ní fada ó chonaic Sulpicius fothracha chathracha de leithéid na Corainte a bhíodh tréan tráth. Gheobhadh Tullia bás faoi cheann roinnt bheag blianta ar aon nós. Mhair sí go bhfaca sí a hathair á thoghadh go dtí na hoifigí is airde. Cuimhnigh gur tú Ciceаró agus go maolóidh an phian le himeacht aimsire. Ní bheadh Tullia ag iarraidh go mbeifeá ró-fhada á caoineadh.

**Trí phointe. (14, 13, 13.) (40 marc)**

(b) Is féidir le hiarrthóirí argóint a dhéanamh ar a rogha tuairime maidir leis an gceist seo. I bhfabhar, is léir go bhfuil Sulpicius ina chara maith agus cineálta ar mian leis ardú croí a thabhairt do Ciceаró agus a bhfuil a dhícheall á dhéanamh aige. Agus iarracht á dhéanamh aige amharc i dtreo na todhchaí, b'fhéidir go gcuideofaí le Ciceаró bás a iníne a fheiceáil i bpeirspictíocht. Tá a phointe deiridh faoin gcaoi nach dteastódh ó Tullia go mbeadh sé á caoineadh ar feadh rófhada tochtmhar. Ar an lámh eile, ní bhfaigheadh gach duine sólás as

tubaistí eile, níos mó, a chur i gcuimhne dóibh agus d'fheáfaí argóint a dhéanamh go bhfuil Sulpicius neamh-mhothálach trína chur ina luí ar Cicearó gur aon ní seachas tubaiste atá ina chaillteanas. Tá an dá thuairim go breá, chomh fada is go bhfuil tacaíocht acu ó thagairt don litir.

**Pointe forbartha amháin.** **(10 marc)**

(iii)

(a) Fear an-mhothúchánach é Catullus agus tá a ghrá do Lesbia an-tréan. Tá tionchar mór ag a chuid mothúchán air; is é an t-iomlán atá uaidh nó ní bheidh dada aige. Seo a leanas na dánta ábhartha: *The Same*, *Love and Harsh Words*, *The Effects of Love*, *Happiness*, *Love and Hatred*, *A Prayer*. Áirítear lena mhothúcháin di: dílseacht mhór, amhras agus éiginnteacht agus go háirithe a chumas a bheith i ngrá agus olc a bheith air ag an am céanna. Is minic a chuireann sé síos ar an ngrá mar chineál galair nó rud is féidir a bheith gafa leis. Sa dán *A Prayer* cuireann sé síos ar cé chomh diongbháilte is atá sé go leigheasfaí é fiú. Ba cheart go mbeadh iarrthóirí in ann a léiriú go dtéann a mhothúcháin do Lesbia ó ghéar go grámhar. Is saghas rollchóstóir atá ann.

**Trí phointe.** **(12, 12, 11.)** **(35 marc)**

(b) Labhraíonn Catullus óna chroí amach agus dá bhrí sin tá sé oscailte agus is maith le daoine é. Bhí Catullus an-mhór lena dheartháir. Is léir sna saothair *Consolation*, *The Same* agus *At A Brother's Grave* go bhfuil sé lách, tuisceanach agus dílis mar chara. Is léir go bhfuil an-bhrón air mar gheall ar bhás a dhearthár agus tá bá aige le daoine eile atá sa bhád céanna leis. Ba cheart do na scoláirí na daoine atá caillte aige féin (bás Lesbia agus bás a dhearthár) agus an bá atá aige le daoine eile ar nós Calvus a lua. D'fhéadfaí sácráilteacht a chur ina leith dá mba mhian leis an iarrthóir locht a fháil air.

**Dhá chúis.** **(8, 7.)** **(15 mharc)**

(iv)

(a) B'fhadhb mhór iad na foghlaithe mara ón Meánmhuir mar gur ghabh siad bailte cósta Rómhánacha agus gur fhuadaigh siad oifigigh Rómhánacha fiú, Iúil Caesar ina measc. Ghoid siad longa tapa agus airgead, ag gearradh amach go leor de thrádáil agus soláthairtí Rómhánacha. Bhí ar a laghad 1,000 long acu. Bhí siad ag magadh faoi na huaisle Rómhánacha, réab siad cathracha, scrios siad scrínte agus teampaill agus rinne siad guais de thaisteal agus trádáil sa Mheánmhuir go ginearálta, agus cailleadh brabús agus bhí faitíos ar dhaoine dá bharr.

**Pointe forbartha amháin.** **(15 mharc)**

(b) Bhí cúig chéad long ag Poimpéas agus arm 120,000 saighdiúir coise agus 5,000 marcshlua. Roinn sé an Mheánmhuir ina thrí cheantar déag ar leith agus cheap sé ceannasaí le long ar gach ceantar, ag oibriú ón iarthar go dtí an t-oirthear. Ansin aimsíodh na foghlaithe mara agus tugadh isteach sa chuan iad. Ar an mbealach seo, glanadh na foghlaithe mara ar fad ón Muir Thoirian, Muir na Libia, an tSairdín, an Chorsaic agus an tSicil. Críochnaíodh an tasc seo i 40 lá. Ansin, le seasca long, sheol Poimpéas in aghaidh an

phríomhghrúpa sa Chilic. Ghéill go leor de na foghlaithe mara. Níor mharaigh Poimpéas iad. Thug roinnt eile troid in aice leis an gCilic ach buaileadh iad. Cuireadh a gcaisleáin agus a ndaingin faoi léigear. Ar deireadh, lorg siad trócaire agus cuireadh deireadh leis an gcogadh tar éis 3 mhí. Bhí 20,000 príosúnach aige agus shocraigh sé iadsan i gcathracha Soli agus Dyme sa Ghréig.

**Trí phointe. (12, 12, 11.) (35 marc)**

# Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.

(i)

(a) Ginearál a bhí in Varus a bhí ina rialaitheoir sa tSiria. Ceapadh ina Cheannasaí ar arm na Réine é in AD 9. Dar le Séatóinias, ba bheag nár scrios a chloí an impireacht. Spreag sé éirí amach Gearmánach agus d'ionsaigh Arminius, iar-cheannaire Rúiseach, a thréig, a thrí léigiún, 17ú, 18ú agus 19ú, i bhForaois Teutoborg agus maraíodh iad. Ansin mharaigh Varus é féin. Níor tháinig Ágastas uaidh riamh.

**Cuntas comhleanúnach. (10, 10.) (20 marc)**

(b) Ghoill sé go mór ar Ágastas nuair a cailleadh trí léigiún sa Ghearmáin. Ba é an plean a bhí aige aníos go dtí an tubaiste sin codanna móra den Ghearmáin a chur faoi smacht Impireacht na Róimhe; go sonrach, an teorainn thoir a dhéanamh den Eilbe in áit na Réine. Tar éis na díomá seo, thug sé cúl a chinn leis an bplean seo ar fad. Bhí an Réin agus an Danóib anois ina dteorainneacha nádúrtha ar an impireacht agus ní dheachaigh na Rómhánaigh níos doimhne isteach sa Ghearmáin riamh.

**Dhá phointe. (8, 7.) (15 mharc)**

(c) Is é an fianaise, ná gur choinnigh Ágastas an comóradh bliana mar lá caointe go minic agus bhuaileadh sé a cheann in aghaidh an bhalla ag glaoch "Quinctilius Varus, tabhair ar ais mo léigiúin agam!"

**Píosa fianaise amháin. (15 mharc)**

(ii)

Ginearál ba ea Agrippa, dochloíte ina dhílseacht d'Octáivian/Ágastas. Chuidigh sé le hoidhre Chaesair agus é ag teacht i gcumhacht agus ar deireadh glacadh leis sa teaghlach impiriúil trína phósadh le hiníon Ágastas, Julia. Ba é Agrippa an leascheannasaí tráth athchóirithe na Róimhe agus bhí ról tábhachtach aige maidir le cloí Sextus Pompeius. Bhí sé ina cheannasaí ag Actium áit ar cloíodh Antóin agus Cléópátra. Bhí ról mór aige in atógáil chathair na Róimhe agus throid sé feachtais rathúla thar ceann Ágastas sa Ghearmáin agus na gcúigí san oirthear.

**Trí phointe. (9, 8, 8.) (25 marc)**

Ba í Julia iníon Ágastas agus a chéad bhean Scribonia. Socraíodh go bpósfadh sí ginearál Ágastas Marcas Aigripe, a bhí blianta níos sine ná í féin tar éis dá céad fhear, Marcellus bás a fháil.. Bhí cúigear clainne uirthi le Agrippa. Nuair a fuair Aigripe bás, socraíodh go bpósfadh Iúilia mac Livia, Tibir agus cuireadh iallach airsean colscaradh a fháil óna bhean féin. Níor éirigh leis an bpósadh. Bhí saol sóisialta fiáin ag Iúilia, thaitin cóisirí agus fir eile léi. Chonacthas í ar meisce go poiblí agus i measc a cuid leannán bhí mac Mharcais Antaine lena chéad bhanchéile. In 2 RCh, nuair a bhí an chúlchaint ag éirí chomh dona is nach bhféadfadh Ágastas neamhaird a dhéanamh de. Shocraigh sé sampla a dhéanamh di do mhná uile na Róimhe. Cuireadh ar deoraíocht í. Níor ceadaíodh d'aon fhear cuairt a thabhairt uirthi riamh agus bhí sí faoi gharda seasta. Níor ceadaíodh di filleadh ar an Róimh as sin amach. Déantar cur síos mar rud cruálach agus mínádúrtha ar mar a chaith Ágastas le hIúilia toisc go raibh a pionós an-chrua go deo. Mar sin féin, chuaigh sí go láidir i gcoinne a phrionsabail agus mhothaigh sé go gcuirfí a chuid iarrachtaí caighdeáin mhorálta a chur ar ais sa chathair as a riocht mura ndéanfadh sé sampla di.

**Trí phointe. (9, 8, 8.) (25 marc)**

Bhí Séánas ina mhaor ar an nGarda Praetóireach. Maistín uaillmhianach de chuid Thibir a bhí ann agus rinne sé cinnte nach mbeadh sé in ann déanamh dá uireasa. Mheall sé Livilla agus shocraigh sé bás Drúsas agus Agrippina agus a beirt mhac, ag iompú Tibir na n-aghaidh. Thug Tibir slán ón mbás agus bhí muinín iomlán ag Tibir as go dtí gur tháinig an fhírinne amach faoina phleananna agus chuir Tibir Séánas agus a leantóirí chun báis.

**Trí phointe. (9, 8, 8.) (25 marc)**

**Dhá cheann ar bith díobh sin thuas. (50 marc)**

(iii)

(a) Oifigeach cumasach de chuid Iúil Caesar ba é Mark Anthony. Throid sé in aghaidh Octáivian ach ar deireadh bhunaigh sé an Dara Triumvirate leis féin agus Lepidus in 43 RCh. Fuair siad an lámh in uachtar ar fheallmharfóirí Iúil Caesar ag Filipe. Ina dhiaidh sin, thóg sé an Éigipt agus an tOirthear ag fágáil Octáivian i gceannas ar an Róimh agus an tIarthar. Ba é ba shiocair báis lena dheargnamhaid, Ciceará. Cé gur phós sé Octavia, deirfiúr Octáivian, bhí sé i gcaidreamh oscailte le Cléópátra. Threoraigh Antaine feachtas tubaisteach i gcoinne na bPairtiach agus ansin d'fhógair sé go raibh deireadh lena chaidreamh le hOctáivian tar éis athghairm Octáivian chun na Róimhe a dhiúltú. Ba é Cath Actium a bhí mar thoradh ar an gcoimhlint a bhí eatarthu. Tar éis a chloíte ag Octáivian, chuir sé lámh ina bhás féin.

**Trí phointe. (14, 13, 13.) (40 marc)**

(b) Tubaiste a bhí sa chogadh in aghaidh Octáivian d'Antaine agus Cléópátra a d'éalaigh go dtí an Éigipt tar éis Chath Aictiam i 31 RCh. Lean Octáivian iad nuair a chuir Antaine lámh ina bhás féin sa deireadh thiar agus é ag ceapadh go raibh Cléópátra tar éis é sin a dhéanamh, cé go raibh sé mícheart faoi sin. Ansin, chuir Cléópatra lámh ina bás féin trí ghreim ó asp a smuigleáil cailín aimsire isteach.

**Dhá phointe. (5, 5.) (10 marc)**

(iv)

(a) Ag Capri, lig Tibir gnóthaí stáit le druth. Ghlac sé páirt i bhfleánna drabhlásacha agus bhíodh smaointe drochaigeanta díomhaoine aige. Bhí a chuid ainmhianta coiriúil agus bhí sé ag maireachtáil mar a bheadh tíoránach oirthearach ann, ag ól agus ag ithe an iomarca. Bhí leanaí saorchlannda mar íospartaigh dá dhrúis agus chuir an tsoineantacht agus an óige faoi dhraíocht é. Fuair, agus uaireanta fiú d'fhuadaigh, sclábhaithe a íospartaigh agus smaoinigh sé ar dhuáilcí nua. Bhí seomraí cóirithe aige le híomhánna mígheanasacha agus lámhleabhair mhígheanasacha. Bhí buachaillí agus cailíní gléasta aige mar phannaí agus nimfeacha thart ar a thailte i bhfochlaí drabhláis. Chuir an tsoineantacht agus an óige faoi dhraíocht é. D'éist sé le go leor cúisimh bhréige ó Shéánas sa Róimh agus cuireadh pionós ar go leor nuair a d'ordaigh an maor é.

**Dhá phointe. (10, 10.) (20 marc)**

(b) Ní mór d'iarrthóirí na cúiseanna nach raibh gnaoi na ndaoine ag Tibir a mhíniú. Bhí sé gruama mítharraingteach agus níor airigh daoine gaol leis. Bhí olc ann a d'fhág nár lorg sé gnaoi an phobail trí chluichí agus siamsaíochtaí a chur ar fáil. Bhí ráflaí forleathana faoina stíl mhaireachtála mallaithe in Capri. Eipeasóidí móra a chuir lena mhíghnaoi, an drochbhealach a caitheadh le Gearmánacas agus a theaghlach, tuile agus trá Shéánas agus an réimeas uafáis inar chuir na Trialacha Tréasa ina luí ar go leor uaisle lámh a chur ina mbás féin agus bhí cead ag sceithirí líomhaintí a dhéanamh le gangaid, ag milleadh saol daoine.

**Trí phointe. (10, 10, 10.) (30 marc)**

# Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.

(i)

(a) Bhí Éideapús ina Rí ar an Téibh nuair a d'éalaigh sé ón gCoraint chun an tuar go maródh sé a athair agus go bpósfadh sé a mháthair a sheachaint. Ar an mbealach, mharaigh sé Laius san áit ina dtagann trí bhóthar le chéile. Nuair a shroich sé an Téibh, bhí an chathair cráite ag Sfioncs na dtomhas. Thairg sé an tomhas a réiteach agus d'éirigh leis. Bhí na Téibhigh chomh buíoch go ndearna siad rí as, agus phós sé Jocasta, baintreach Laius.

**Trí phointe míniúcháin. (10, 10, 10.) (30 marc)**

(b) Ó thús an dráma, tá Éideapús ina ionadaí athar dá dhaoine. Tá a imní dóibh soiléir, níl sé in ann codladh le himní dóibh agus sheol sé Creon go Deilfe chun iarracht a dhéanamh mistéir na plá a réiteach. Tá sé cineálta leis an seansagart, is mian leis gach rud a phlé os comhair a dhaoine agus ní stopfaidh aon ní é d'fhonn an phlá a dhíbirt uathu. Is léir go bhfuil an-mheas acu air agus go bhfuil rátáil an-ard acu air i measc fear, cuireann siad a muinín ar fad ann mar gur shábháil sé iad ó thrioblóid roimhe seo.

**Dhá phointe. (10, 10.) (20 marc)**

(ii)

(a) Áireofar roinnt de na nithe seo a leanas sa phríomhfhianaise:

Éiríonn léi an cór a fháil le gealltanas go bhfanfaidh siad ciúin faoina pleananna díoltas a fháil ar Iasón. Cuireann sí ina luí ar Creon lá amháin a thabhairt di sa Choraint chun a díoltas a bhaint amach. Cuireann sí ina luí ar Aegeus mion a thabhairt dídean a thabhairt di nuair a fhágann sí an Choraint. Cuireann sí ina luí ar Iasón go bhfuil brón uirthi as an gcaoi ar fhreagair sí agus cuireann sí ina luí air ligean do na buachaillí bronntanas a thabhairt do Glauce cás a dhéanamh dóibh fanacht sa chathair. Ní gá go dtabharfadh iarrthóirí gach ceann de na samplaí seo, dhéanfadh trí cinn le cur síos cúis.

**Trí phíosa fianaise. (10, 10, 10.) (30 marc)**

(b) D'fhéadfaí a áireamh le cúiseanna go bhfuil Méide suimiúil a hintleacht; a mothúcháin dhrámata; a guagacht giúmair; a cumhachtaí draíochta; a cumhachtaí caimiléireachta agus áitithe; a cumas don olc; láidreacht a dúil don díoltas; a míthrócaire. Bheadh ar iarrthóirí trí shampla de phéire acu seo ar a laghad a thabhairt.

**Dhá chúis. (10, 10.) (20 marc)**

(iii)

(a) Áirítear leis na príomhlochtanna atá ag Iasón a uabhar, a leithleas, a mhíchúram faoin mhothúcháin daoine eile (mothúcháin Méide agus na leanaí); a easpa féinfheasachta; a mheon i leith Méide; a dhíth céille agus a shaontacht; gan mórán measa aige ar Mhéide; a shodar i ndiaidh na n-uasal. Ba cheart d'iarrthóirí trí cinn díobh seo a lua le samplaí.

**Trí phointe. (12, 12, 11.) (35 marc)**

(b) Tá 'tá' nó 'níl' go breá anseo. Más tá an freagra, is deacair gan trua a bheith d'athair nach bhfuil cead aige fiú lámh a leagan ar choirp a leanaí marbha, tá sé suarach ar deireadh, go háirithe mar go dtuigeann sé anois an méid grá atá aige dóib, fiú má tá sé ródheireanach. Más níl an freagra, d'fheadfaí argóint a dhéanamh gur tharraing a uaillmhianta agus a dhrochíde ar Mhéide an chinniúint air féin.

**Dhá chúis. (8, 7.) (15 mharc)**

(iv)

(a) Míníonn Jocasta nach bhfuil oracail agus tairngreachtaí iontaofa mar gur dúradh léi féin agus lena fear céile, Laius go mbeadh a leanbh ina chúis le bás Laius agus gur chóir fáil réidh leis. Mar gheall gur fágadh ar Shliabh Cithaeron é le bás a fháil agus gur mharaigh strainséirí é ag crosbhóthar Laius, ní fhéadfadh sé seo tarlú. Dá bhrí sin, níl bun ná barr le horacail agus tairngreachtaí.

**Dhá phointe míniúcháin. (13, 12.) (25 marc)**

(b) Agus é seo á mhíniú d'Éideapús, chun é a chur ar a chompord, luann sí gur maraíodh Laius in áit ina dtagann trí bhóthar le chéile. Spreagann sé seo cuimhne Éideapús, agus cuimhníonn sé ar throid le fear ag an áit sin, áit go deimhin inar mharaigh sé fear. Ansin bíonn imní air gurb eisean dúnmharfóir Laius.

**Pointe amháin. (10 marc)**

(c) Sula dtuigeann Éideapús an fhírinne ghránna, ritheann Jocasta isteach sa phálás. Nuair a thuigeann sé cé í féin, ritheann sé ina diaidh, ag tarraingt a chlaímh agus ag briseadh síos an dorais, feiceann sé go bhfuil sí crochta aici féin os cionn na leapa.

**Pointe forbartha amháin. (15 mharc)**

# Topaic 6. An Eipic Ársa.

(i)

(a) Tar éis d'Aeólas mála na ngaoth a thabhairt d'Odaiséas, nuair a bhí siad ag seoladh ar ais go Ithaca, thit Odaiséas ina chodladh nuair a bhí an t-oileán le feiceáil. Cheap na fir go raibh bronntanas faighte ag Odaiséas ó Aeólas agus go raibh sé á choinneáil uathu. D'oscail siad an mála agus séideadh iad díreach ar ais go dtí an tSicil. Nuair a tháinig siad ar ais go hAeólas, bhí an-fhearg air leo agus shíl sé nach raibh siad i bhfabhar na ndéithe. Mar gheall air seo, d'fhág sé slán leo gan aon rud a thabhairt dóibh.

**Cuntas comhleanúnach. (10, 10, 10.) (30 marc)**

(b) Féadfaidh iarrthóirí a rá go raibh an locht ar Odaiséas mar nach raibh muinín aige as na fir le hinsint dóibh céard a bhí sa mhála agus choinnigh sé rún uathu. Bhí sé amaideach ag an laoch titim ina chodladh gan aon gharda ar an mála. Nó sin, féadfaidh siad a rá gur ar na fir féin an locht as an mála a oscailt nuair nár cheart dóibh, dá bhrí sin ag scaoileadh na gaoithe. Chomh maith céanna, bheadh sé togha dá ndéarfaidís go raibh an locht roinnte go cothrom.

**Dhá chúis. (10,10.) (20 marc)**

(ii)

(a) Ar feadh naoi lá, thiomáin gaoth láidir Odaiséas thar an bhfarraige tar éis go leor fear a chailleadh le Cicones, ar an deichiú lá shroich siad cladaigh Lucht Ite Loiteog. Nuair a bhí rud ite acu, sheol sé triúr fear chuig an gcladach lena fháil amach cé a bhí ina gcónaí ann. Tháinig siad ar Lucht Ite Loiteog, a thug loiteoga le hithe dóibh. Níor theastaigh uathu siúd a d'ith an loiteog mhil-mhilis scéal a thabhairt ar ais ná seoladh abhaile a thuilleadh. Theastaigh uathu fanacht le Lucht Ite Loiteog, ag ithe loiteog, ag déanamh dearmad ar gach smaoineamh faoi fhilleadh. Tharraing Odaiséas na fir a raibh an tionchar seo orthu ar ais chuig an gcladach le fórsa, agus iad ag caoineadh, agus cheangail sé sna lnga iad, á mbrú faoi na binsí. Ansin, d'ordaigh sé do na fir dul ar na longa go tapa, ar fhaitíos go n-íosfaidís na loiteoga agus go ndéanfaidís dearmad ar an mbaile. Theith siad mar sin ó thalamh Lucht Ite Loiteog.

**Dhá phointe. (10, 10.) (20 marc)**

(b) Is neacha ar nós maighdeana mara iad na Siréanaí. Chanaidís go hálainn ar chladach carraigeach agus mheallaidís mairnéalaigh neamhamhrasacha chun báis. Bhí Odaiséas ag iarraidh na Siréanaí a chloisteáil seachas a bheith meallta acu. D'iarr sé ar a chuid fear é a cheangal de chrann na loinge chomh docht sin ionas nach mbeadh sé in ann éalú. Líon sé a gcluasa le céir bheach le nach gcloisfidís an t-amhrán marfach agus iomramh díreach tharstu. Ba chuma cé mhéad a d'impigh sé orthu é a scaoileadh saor, d'iomair siad leo mar

nár chuala siad é. Dá bhrí sin, chuala sé amhrán na Siréanach, ach mhair sé chun an scéal a insint.

**Dhá phointe.** **(10, 10.)** **(20 marc)**

(c) Foghlaimímid roinnt rudaí faoi Odaiséas ó na trí eipeasóid seo. Ba cheart d'iarrthóirí ar a laghad rud amháin a fhoghlaimíodh ó gach eipeasóid a lua. Taispeántar in eipeasóid Lucht Ite Loiteog chomh tapa is a smaoiníonn sé agus an chaoi a bhfanann sé staidéarach i rith géarchéime. Taispeántar dúinn chomh maith an imní a bhí aige dá fhir, agus é á dtabhairt slán, fiú nuair nach dteastaíonn uathu iad a tharrtháil. Insítear dúinn in eipeasóid na Siréanach go raibh Odaiséas thar a bheith fiosrach. Thiocfadh leis stopadh ag éisteacht leis na Siréanaí ach bhí an-dúil aige iad a chloisteáil. Léirítear a chlisteacht dúinn freisin – d'iarr sé ar go gceanglófaí den chrann é agus líon sé cluasa a chriú. Mar sin de, cuirtear a chríonnacht agus a fhiosracht in iúl.

**Pointe amháin.** **(10 marc)**

(iii)

(a) B'éigean do Díodó Tyre a fhágáil mar gheall gur mharaigh a deartháir olc Pygmalion a fear céile, Sychaeus chun a chuid airgid a fháil. Cheil sé é seo uaithi, ach thug taibhse Sychaeus cuairt uirthi i mbrionglóid agus dúirt sé léi gur cheart di éalú lena leantóirí dílse agus leis an taisce a bhí curtha i bhfolach aige, ar fhaitíos go ndéanfadh Pygmalion iarracht ise a mharú freisin. Mar sin, d'imigh sí chuig Tuaisceart na hAfraice agus d'aimsigh sí cathair Carthage.

**Pointe amháin.** **(10 marc)**

(b) Chuir Véineas iallach ar Díodó titim i ngrá le Aeinéas mar nach raibh muinín aici go gcaithfeadh sí go maith le Aeinéas. Bhí Díodó ina banríon ar an gCartaig, an chathair ab ansa le Juno. Bhí faitíos ar Véineas go rachadh Iúnó chuig Díodó agus go gcuirfeadh sé ina luí uirthi dochar a dhéanamh do Aeinéas. Cuireann Véineas ina luí ar a mac, Cupid é féin a ghléasadh mar Ascanius/Iulus. Cuireann sí an buachaill uaithi trí spiorad agus glacann Cupid a áit ag féasta ina séideann sé geasa grá, a fhágann go dtiteann Díodó i ngrá le Aeinéas.

**Dhá phointe.** **(13, 12.)** **(25 marc)**

(c) Ceapann Aeinéas go bhfeiceann sé í i mánna bróin, cosúil le fear a cheapann go bhfeiceann sé gealach nua taobh thiar de scamall. Tá sé an-trína chéile agus caoineann sé, ag míniú nár theastaigh uaidh riamh í a ghortú agus nach bhfágfadh sé riamh í murach gur éiligh na déithe é. Déanann sé impí uirthi labhairt, ach tá sí chomh fuar le cloch agus iompaíonn sí a droim leis agus imíonn le Sychaeus. Tá Aeinéas an-bhrónach.

**Dhá phointe.** **(8, 7.)** **(15 mharc)**

(iv)

(a) Feiceann Aeinéas Eachtar i mbrionglóid agus droch-chuma air agus é ag impí air éirí agus imeacht. Deir sé leis go bhfuil deireadh leis an Traí agus go gcaithfidh sé íomhánna dhéithe na Traí a thógáil agus cathair nua a bhunú dóibh.

**Pointe amháin.** **(10 marc)**

(b) Téann Aeinéas thar halla mór theach Priam agus lorgaíonn sé Priam, a bhean agus a iníonacha ag tógáil foscadh ag an altóir agus na Gréagaigh ag scriosadh. Tá Piorras, mac Aichill, a bhfuil an doras díreach briste aige, ag leanúint Polites, an mac is óige le Priam síos an halla. Sciorrann Polites agus maraíonn Piorras é. Déanann Priam, a bhfuil a chathéide tarraingthe aige agus a bhfuil a chlaíomh ina lámh aige, gearán le Piorras, ag rá leis nach aon mhac le hAichill é, a chaith go maith leis (Priam) nuair a lorg sé corp Eachtair ar ais. Freagraíonn Piorras gur féidir le Priam dul chuig an Domhan Thíos agus a rá le hAichill é féin, tarraingíonn sé a cheann siar agus maraíonn sé é.
**Dhá phointe.** **(13, 12.)** **(25 marc)**

(c) Cailleann Aeinéas Creusa agus é ag éalú ón Traí. Féachann sé timpeall agus tá sí imithe. Ritheann sé trí na sráideanna ag glaoch a hainm agus ar deireadh feiceann sé a taibhse. Déanann sé trí iarracht barróg a thabhairt di, ach ní éiríonn leis. Cuireann sí ina luí air gurbh fhearr léi bheith marbh na bheith ina sclábhaí ag na Gréagaigh agus deir sí go bhfuil brídeog eachtrannach i ndán dó i gcathair nua. Iarrann sí air aire mhaith a thabhairt d'Ascanius/Iulus.

**Dhá phointe.** **(8, 7.)** **(15 mharc)**

## Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.

(i)

(a) Leannán paiseanta is ea Proipeirtias. Tá an fianaise soiléir ina mheon i leith mná go ginearálta agus Cynthia go háirithe. Seo a leanas na dánta ábhartha: *Two Requests; Susceptibility; Gone; Gone to Clitumnus; Cynthia; Cynthia is Dead*. Sa Dán *Susceptibility,* feicimid go bhfuil Proipeirtias paiseanta faoi mhná go ginearálta. Deir sé lena chara nach féidir leis siúl síos an tsráid gan titim i ngrá. Deir sé gur cineál ar leith amaidí atá ann. In *Two Requests*, feicimid a ghrá agus a phaisean ollmhór dá leannán, cé go bhfuil a fhios aige go ngortóidh sí é. I ndánta Cynthia, feicimid gur féidir lena phaisean é a threorú chuig an bhforéigean (Cynthia) agus go bhfuil an-éad air go bhfuil aird á tabhairt aici ar aon duine eile (*Gone to Clitumnus*). Ní ga d'iarrthóirí na dánta seo ar fad a áireamh, ach ba cheart tagairt a dhéanamh do phéire acu ar a laghad.

**Dhá phointe.** **(13, 12.)** **(25 marc)**

(b) Seans go ndeir iarrthóirí gur leannán míshásta é. D'fhéadfaí a áireamh le fianaise ina leith seo: A mheon brúidiúil le Cynthia agus a eagla roimh an mbás; a chinnteacht go mbeidh pian air de bharr an ghrá; a phian i dtreo a leannáin a d'fhág é agus a scrios nuair atá Cynthia marbh, agus tá sé leis féin in impireacht fhuar a leapa.

**Dhá chúis.** **(13, 12.)** **(25 marc)**

(ii)

(a) Tá tuairim Horáit faoi shaol na cathrach soiléir ó luch an bhaile agus luch na tuaithe. Agus luch na tuaithe ag réiteach do chuairt a chara, ceapann sé nach leor an gnáthbhia agus sábhálann sé suas na rudaí is fearr dá chuairteoir. Nuair a thagann luch na cathrach, níl aon mheas aige ar an rud atá ar fáil ag luch na tuaithe agus cuireann sé ina luí ar a chara teacht chuig an gcathair i gcomhair caighdeán maireachtála ceart. Nuair a imíonn siad, tá iontas ar an luch maidir le só agus anchaitheamh an bhia agus troscáin theach na cathrach, ach cloiseann siad maistíní ag tafann agus ritheann siad le faitíos. Téann an luch díreach abhaile, sásta le slándáil agus síocháin a thí tuaithe bocht. Ceapann Horáit, cé go bhfuil saol na cathrach an-tarraingteach, go bhfuil sé éiginnte, dainséarach agus strusmhar i gcomparáid le saol na tuaithe.

**Dhá phointe.** **(10, 10.)** **(20 marc)**

(b) Is é an tuairim atá ag Horáit de shaol na tuaithe, nach bhfuil sé chomh mealltach le soilse geala agus só na cathrach, ach taitníonn síocháin, ciúnas agus slándáil na tuaithe leis. Is maith leis troscán, bia agus spleodar na cathrach ach is breá leis simplíocht agus cobhsaíocht nádúrtha shaol na tuaithe. Is léir go gceapann sé go bhfuil sé níos folláine don intinn agus don chorp.

**Trí phointe.** **(10, 10, 10.)** **(30 marc)**

(iii)

(a) Scéal simplí atá ann. Déantar cur síos ag an tús ar dhá chrann atá fite fuaite. Déanann Óivid cur síos ar na déithe, Iúpatar agus Mearcair, ag tabhairt cuairte ar phobal na Frigia gan aon fháilte á chur rompu. Cuireann Baucis agus Philemon, ar leannán scothaosta iad, fáilte Uí Cheallaigh rompu. Tá mionchuntas álainn i mbunús an scéil ar aíocht shimplí fhlaithiúil an tseanleannáin, mar aon le tagairtí tíriúla don bhia agus do na feistis. Is é an cor sa scéal ná go dtugann an leannán faoi deara go n-athlíonann an crúiscín fíona leis féin agus go dtuigeann siad gur déithe iad an bheirt strainséirí. Téann siad faoi choinne a ngé a mharú ach cuireann na déithe bac leo. Tugann siad iad go mullach an chnoic agus breathnaíonn siad ar an machaire iomlán faoi thuile, ach tiontaítear a dteachín simplí féin ina theampall galánta. Tairgeann na déithe mian don seanleannán agus téann siad i gcomhairle le chéile. Mar a bheifí ag súil le leannáin ag a bhfuil neart umhlaíochta, níl uathu ach freastal ar na

déithe, agus go han-rómánsúil ar fad, is mian leo bás a fháil le chéile ionas nach mbeidh orthu dul go sochraid a chéile. Ag deireadh saol sona le chéile, feiceann siad a chéile ag fás duilleoga agus craobhacha agus fágann siad slán ag a chéile, agus sin is cúis leis na crainn nasctha.

**Cuntas comhleanúnach ar an scéal. (14, 13, 13.) (40 marc)**

(b) Is maith le Óivid simplíocht Baucis agus Philemon. Is maith leis an chaoi go bhfuil siad sásta leis an méid beag atá acu agus an bród atá acu as. Thar aon ní eile, is maith leis, cé nach bhfuil mórán acu, go bhfuil siad fial á roinnt.

**Pointe amháin. (10 marc)**

(iv)

(a) Cailleann Oirféas Eoraidícé i dtosach le greim nathair atá faoi cheilt san fhéar in aice na habhann. Is é an dara huair nuair a théann sé chuig an Domhan Thíos chun í a fháil ar ais. Deir Pluto agus Persephone leis gur féidir leis í a threorú amach, ach nach féidir leis féachaint siar ar chúis ar bith. Cloiseann sé torann agus gan smaoineamh, casann sé ar chúl agus feiceann sé Eoraidícé á tarraingt ar ais isteach sa Domhan Thíos go brách.

**Cuntas comhleanúnach ar an gcaoi ar cailleadh faoi dhó í. (10, 10, 10.) (30 marc)**

(b) Tarraingíonn na Maenads atá feargach leis as neamhaird a thabhairt orthu nuair a d'iarr siad air bheith páirteach ina gcóisirí, Oirféas féin ó chéile.

**Pointe amháin. (10 marc)**

(c) Tá insint Veirgil ar an scéal corraitheach ar roinnt cúiseanna: Drochbhail Eoraidícé a bhfuil mí-ádh uirthi agus níos measa ná sin mar gur chaoin sí a deis dul ar ais sa domhan thuas. Bhí croí Oirféis briste nuair a thuigeann sé gur air féin atá an locht gur chaill sí an dara huair "nach féidir le bás é a mhaitheamh". Tá íomhánna a anam caillte, ag caoineadh a mhná chéile an-chorraitheach agus spreagann an íomhá deireanach dá chloigeann bán ag dul feadh na habhann, ag glaoch a hainm, grá a mhaireann tar éis an bháis.

**Cúis amháin. (10 marc)**

## Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.

(i)

(a) Colún tacaíochta is ea cairiaitid a bhfuil cruth mná air/ dealbh de bhean a úsáidtear mar cholún nó piléar.

**Pointe amháin.** **(10 marc)**

(b) An Erechtheum atá ar an Acrapolas san Aithin. **(5, 5.)** **(10 marc)**

(c) Tá sé déanta as marmar Peinteilice agus aolchloch liath dhorcha as Eileoisis.
**(5, 5.)** **(10 marc)**

(d) Bíonn gnáth-theampall Gréagach dronuilleach le díon claonta agus colúin ag an dá thaobh nó timpeall an fhoirgnimh ar fad. Tá an teampall seo neamhghnách ar roinnt bealaí: i dtosach is ann atá roinnt scrínte (le Erechtheis, Aitéiné, Poiséadón agus Kekrops). Ar an dara dul síos, léiríonn sé éagsúlacht na scrínte agus b'fhéidir taobh claonta an Acrapolas ar a bhfuil sé tógtha. Tá sé cosúil le teampall traidisiúnta le naos dúbailte agus póirseáid sé cholún íocónacha ag taobh amháin. Tá dhá phóirse ceangailte de, ceann ó thuaidh agus ceann ó dheas. Coinníonn sé fhigiúr dealbhaithe nó cairiaitidí an Póirse ó Dheas suas in ionad colúin thraidisiúnta. Coinníonn colúin íocónacha an Póirse ó Thuaidh suas. Bhí an fríos íocónach d'fhigiúirí bána ar chúlra d'aolchloch liath dhorcha ó Eileoisis. Bhí áit taobh istigh inar dúradh gur bhuail trírinn Phoiséadóin é. Tá an maisiú dealbhóireachta ar an teampall an-bhreá. Tá inscríbhinn faoin bhfoirgneamh caomhnaithe a insíonn dúinn faoi íocaíocht 130 fear oibre lena n-áirítear an ailtire ar íocadh drachma amháin sa lá leo ar fad.

**Dhá dhifríocht.** **(10, 10.)** **(20 marc)**

(ii)

(a) Medusa/Gorgon. **(10 marc)**

(b) Bhí sé ar pheidiméid os cionn doras tosaigh an teampaill. **(10 marc)**

(c) Ar dtús, níl na fíoracha sa dealbh ar scála, éiríonn siad níos lú de réir mar a bhogann siad níos faide ón lár. Tá fíor Medusa i staidiúir reatha an-ársa a thaispeánann í le glúin amháin ar an talamh agus an ceann eile san aer, tá a cabhail le feiceáil i dtreo an tosaigh mar atá a ceann, ach tá a cosa i bpróifíl. Ní staidiúir réalaíoch atá ann ach léiriú stílithe reatha, mar a bhíonn i mbeochan. Tá a cruth agus a gruaig ársa chomh maith, simplí ach níl sí iomlán nádúrtha. Tá comhdhéanamh na deilbhe scaipeach: léiríonn sé trí radharc nach léir go bhfuil aon bhaint acu lena chéile, cé go léirítear sa dealbh na fíorach ar scála agus baint acu lena chéile. Tá an-stíl ag baint le fíoracha na liopard/bpantar.

**Dhá phíosa fianaise.** **(15, 15.)** **(30 marc)**

(iii)

(a) Is kouros é seo. **(10 marc)**

(b) D'úsáidtí an cineál seo deilbhe mar chuimhneachán d'fhear nó mar thabhartas do na déithe.

**Pointe amháin.** **(10 marc)**

(c) Tá an dealbh seo ón ré ársa deireanach, timpeall 540-480 RCh.
**(10 marc)**

(d) Baineann an dealbh seo, ar a dtugtar Anavysos Kouros leis an tréimhse ar bhealaí éagsúla. Fíor óg, fireann atá ann i staidiúir an-dolúbtha lena lámha fáiscthe lena thaobhanna agus a chos clé ar aghaidh, mar sin baineann sé go dlúth le kouros ársa. Chomh maith leis sin, tá gruaig an-stíleach aige i bpatrúin mhionsonraithe agus níl sé an-nádúrtha. Tá a aghaidh an-siméadrach agus meangadh ársa air. Áirítear leis na heilimintí a taispeánann go bhfuil sé ársa déanach na matáin a bheith cuartha seachas á dtaispeáint le línte agus claiseanna, go háirithe timpeall ar a chliabhrach agus a ghuaillí, tá lámha agus a chosa níos réadúla ná an kouroi níos luaithe agus níl a éadan chomh réidh leis na samplaí níos luaithe. Mar sin tá sé ársa cinnte, ach dealbhaíodh é ag an bpointe ina raibh ealaíontóirí ag bogadh i dtreo stíl níos réadúla le breathnú ar an réadúlacht.

**Dhá phointe.** **(10, 10.)** **(20 marc)**

(iv)

(i) Fíor baineann le sciatháin a léiríonn an bua is ea Nike. **(10 marc)**

(ii) Baineann sé seo leis an ré ardchlasaiceach den ealaín Ghréagach idir 450-400 RCh.
**(10 marc)**

(iii) Is gnáthdhealbh é seo ar go leor bealaí. Fíor an-nádúrtha de bhean atá ann, nach bhfuil cosúil leis na fíoracha ársa níos luaithe a bhí stíleach agus righin. Tá a corp cruinn agus réadúil, go háirithe a cosa. Tá sí lán le gluaiseacht agus gníomh, a cos ag titim agus a lámha sínte amach, atá bainteach leis an ré. An rud is soiléire, ná go dtaispeántar an chaoi a gcaitear le héadaitheoireacht na tréimhse lena mbaineann sí, tá sí ag caitheamh éadach an-éadrom, ag titim ó ghualainn amháin agus á shéideadh ag an ngaoth in aghaidh a coirp. Taispeántar an fabraic in go leor fillte agus cruinnithe, ach tá sé an-éadrom agus taispeánann sé go leor den chorp faoi. Gné é seo den dealbhóireacht ardchlasaiceach.

**Dhá phointe.** **(8, 7.)** **(15 mharc)**

(iv) Taispeánann an staidiúir an Nike ina gcoinníonn sí a lámha sínte amach agus ina bhfeictear a cosa díreach ag bualadh na talún, agus go háirithe san éadaitheoireacht a shéidtear teann in aghaidh a coirp agus atá ag bolgadh taobh thiar di.

**Pointe amháin.** **(15 mharc)**

# Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.

(i)

(a) Áirítear ar na trí phríomhaicme saoránach agus ról gach aicme i dtosach, na Cosantóirí a bhfuil grá acu don fhírinne agus don eolas. Tá sé de mhianach iontu a bheith ina rialaitheoirí ar an stát. Ansin, tá na Cúntóirí ar breá leo crógacht, onóir agus a mbaile. Is é an ról atá acu an stát a chosaint. Ar deireadh tá na Táirgeoirí. Is breá leo slándáil, torthaí a gcuid oibre agus tá siad ceangailte le compord agus ábhar agus folláine. Cuireann siad earraí agus seirbhísí ar fáil a theastaíonn ón stát. Ba cheart go mbeadh gach ball den stát ag déanamh an jab a oireann dóibh agus atá siad in ann a dhéanamh. Ní mór go gcuirfeadh gach grúpa teorainn air féin a fheidhm cheart féin a dhéanamh agus gan cur isteach ar fheidhmeanna grúpaí eile. Mura dtarlaíonn sé seo, beidh rudaí míchothrom.

**Ainmneacha. (5, 5, 5.)** **Róil.** **(9, 8, 8.)** **(40 marc)**

(b) Ní cheadaítear ach gluaiseacht theoranta idir na haicmí. Más amhlaidh go bhfuil duine éigin ag déanamh jab nach bhfuil in oiriúint dó, ba cheart go mbeidh sé in ann bogadh.

**Pointe amháin.** **(10 marc)**

(ii)

(a) Ba cheart go gcuirfí cosc ar gach scéal a léiríonn na déithe i mbun coireanna nó doghníomhartha. Níor cheart go dtaispeánfaí iad i mbun caimiléireachta, insint bhréige nó aimhleasa. Ina theannta sin, níor cheart go léireofaí laoch ar bith agus eagla air nó uirthi roimh an mbás nó iad i mbun iompraíocht mhíchuibhiúil (gáire neamh-mheasartha ar bith!) Níor cheart go mbeadh scéalta ann ina dtugtar luach saothair as doghníomhartha a dhéanamh. Níor cheart scéalta a cheadú ach oiread ina bhfuil cur síos gruama nó scanrúil den Domhan Thíos. Ba cheart aon scéal nach dtugtar luach saothair ar dhea-ghníomhartha ann a fhágáil ar lár. Is furasta dul i gcion ar leanaí óga; fanann an rud a fhoghlaimíonn siad leo agus is iad na rudaí sin a fhorbraíonn a n-intinn agus a gcarachtair. Má chloiseann siad faoi dhéithe agus faoi laochra á n-iompar féin mar atá sna scéalta aitheanta maidir le Hóiméar agus Héisiad, ceapfaidh siad féin go bhfuil sé inghlactha an rud céanna a dhéanamh. **Trí phointe.** **(9, 8, 8.)** **(25 marc)**

(b) Dar le Sócraitéas, ba cheart go mbeadh teachtaireacht i scéalta a mbíonn cruthú dea-charachtair i leanbh mar thoradh air, mar sin níor cheart aon scéalta nach bhfuil spreagúil a áireamh. Níor cheart go mbeadh aon eagla roimh an gcontúirt ná roimh an mbás. Ba cheart go gcruthófaí intinn leanaí le haghaidh aon chuspóir amháin, leas an stáit a bhaint amach, mar sin ní thugann scéalta maidir le déithe agus laochra ag mí-iompar sampla maith dóibh. Is cosúil go gcreideann Sócraitéas go mb'fhéidir go mbeadh leanaí dána iad féin má chloiseann siad an cineál iompair a ndéantar cur síos air sna scéalta míchearta.

**Dhá phointe.** **(13, 12.)** **(25 marc)**

(iii)

(a) Déantar comparáid i samhail Sócraitéas den Ainmhí Mór agus Cumhachtach idir polaiteoirí agus coimeádaí ainmhí mór cumhachtach (na daoine). Tuigeann an coimeádaí giúmar an ainmhí agus foghlaimíonn sé lena shásamh agus lena choinneáil sásta, ach ní thuigeann sé i gceart an giúmar ná céard is brí leis. Tá an rud a shásaíonn an t-ainmhí go maith agus an rud a chuireann isteach ar an ainmhí go dona, ach níl tuairim ag an gcoimeádaí cén fáth a bhfuil na rudaí sin á ndéanamh aige, déanann sé pé rud a choinníonn an t-ainmhí sásta.

**Achoimre comhleanúnach den tsamhail.** **(14, 13, 13.)** **(40 marc)**

(b) Is cosúil go bhfuil Sócraitéas ag rá go bhfuil daonlathas nó "na daoine" cosúil le hainmhí fiáin agus cumhachtach. Déanann polaiteoirí, in ionad an t-ainmhí a rialú, iarracht é a choinneáil sásta, ag freagairt i gcónaí dá éilimh ach níos léiríonn siad ceannaireacht.
**Pointe amháin.** **(10 marc)**

(iv)

(a) Míníonn Sócraitéas go bhfuil an uile dhuine spleách ar a chéile, níl duine ar bith againn in ann a dhóthain féin a tháirgeadh. Dá bhrí sin, is rud ciallmhar dúinn dul i ngrúpaí agus leas a bhaint as ár n-inniúlachtaí pearsanta féin ar mhaithe le leas an phobail. Teastaíonn feirmeoir, tógálaí, fíodóir agus gréasaí chun riachtanais bhunúsacha an phobail a shásamh. D'fhéadfadh an grúpa seo a bheith róbhunúsach, mar sin deir Sócraitéas go rachaidh daoine ar aghaidh chun réimse earraí (earraí só cosúil le troscán, bia deas, cumhrán) a tháirgeadh agus go mbeidh pobail níos mó dá bharr agus fiú cathracha. Beidh cineálacha oibre níos speisialaithe ann dá bharr chomh maith agus beidh tuilleadh talún ag teastáil. Beidh arm ag teastáil sa chás seo.

**Trí phointe míniúcháin.** **(12, 12, 11.)** **(35 marc)**

(b) An bhféadfadh Stát Idéalach Shócraitéas tarlú riamh? Féadfaidh na hiarrthóirí aontú nó easaontú go bhféadfadh an stát a ndéanann Sócraitéas cur síos air bheith ann chomh fada is a thacaítear leis an bhfreagra le hargóint mhaith amháin.

**Pointe amháin.** **(15 mharc)**

# Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.

(i)

(a) Sa phictiúr seo, tá na Traígh ag tarraingt capall adhmaid mór isteach sa bhaile, ag cinntiú go scriostar é. Seasann na déithe os cionn an radhairc, ag fanacht go scriostar an chathair. Seasann na saighdiúirí le hairm sna línte ar gcúl. Téann Laocon i dtreo an chapaill. Breathnaíonn Cassandra ar an ngníomh ó chlé. Tá leanaí ag damhsa chun é a cheiliúradh.

**Trí phointe. (7, 7, 6.) (20 marc)**

(b) Tagann an fuinneamh agus an saol sa phéintéireacht ó línte simplí ach drámata sa phictiúr, na sleá crochta sa chúlra, na fíoracha geala, claonta ag tarraingt an chapaill, an chodarsnacht sa solas agus scáth agus fíoracha anfa na ndéithe atá i gceannas ar chinniúint na cathrach. Ritheann Laocoon i dtreo an chapaill ag cur leis an dráma agus tagann Cassandra, ag réamhthuar drochratha, ón taobh clé.

**Dhá phointe. (10, 10.) (20 marc)**

(c) D'fhéadfaí a áireamh le hábhar amháin eile miotaseolaíocht; tírdhreach; ailtireacht álainn; ábhar neamhbheo; radhairc ón amfaitéatar, portráidí.

**Pointe amháin. (10 marc)**

(ii)

(a) Is í an ócáid a thaispeántar sa rilíf seo bua an Impire Títeas tar éis Judaea a chloí in 71 AD. **Pointe amháin. (10 marc)**

(b) Is é is dealbhóireacht rilífe, nuair a ghreantar an radharc le go seasfaidh sé amach ón gcloch sa chúlra, ach go mbíonn sé fós greamaithe de. Is é is rilíf ard, nuair a sheasann an radharc amach i bhfad ón gcúlra, agus is é is rilíf íseal nuair nach mbíonn sé ach ar éigin ón gcloch sa chúlra. (Féadfaidh iarrthóirí samplaí a úsáid le míniú céard iad féin anseo).

**Dhá phointe. (5, 5.) (10 marc)**

(c) Níl an pheirspictíocht sa phainéal ceart mar go léiríonn sé na capaill i bpróifíl, ach breathnaíonn gach capall taobh thiar dá chéile aisteach. Tá fíor an Impire ón tosach, ach tá a chloigeann i bpróifíl agus mar sin ní fhéachann an radharc iomlán nádúrtha.

**Pointe amháin. (10 marc)**

(d) Is é Titus an fíor is airde a sheasann sa phainéal agus dá bhrí sin is é is mó atá le feiceáil. Níl Nike ná Victory, a bhfuil coróin á cur aige air ar an gcarbad chomh hard ná chomh mór leis.

**Dhá phointe. (10, 10.) (20 marc)**

(iii)

(a) Gnáth-amharclann Rómhánach is ea an amharclann ag Sabratha sa mhéid is gur struchtúr timpeallaithe atá ann le cúlra stáitse mór (scaenae frons) maisithe le trí urlár de cholúin agus cuasáin a bheadh líonta le dealbha. Bhí halla éisteachta leathchiorcalach aige a bhí ceangailte leis an scaenae frons cuas chuig an mbarr. Bhí an lucht féachana sa cavea nó sa limistéar suíocháin, roinnte ina chodanna, na suíocháin tosaigh san oirceastra leathchiorclach níos maisiúla do na huaisle.

**Trí phointe. (10, 10, 10.) (30 marc)**

(b) Bhíodh na Rómhánaigh ag breathnú ar thragóidí agus ar dhrámaí grinn bunaithe ar dhrámaí Gréagacha go minic.

**Pointe amháin. (10 marc)**

(c) D'fhéadfadh iarrthóirí roghnú ó go leor gnéithe lena n-áirítear na nithe a leanas: bhí a n-amharclanna oscailte don spéir agus ní raibh cinn s'againne; níl oirceastra againn i bhformhór amharclann; tá ár n-amharclanna oscailte an bhliain ar fad agus bhí ár dtaibhithe mar chuid d'fhéilte; chaith a n-aisteoirí maisc; bhí a stáitsí i bhfad níos ilchasta ná cinn s'againne ina mbíonn radhairc shealadacha.

**Difríocht amháin. (10 marc)**

(iv)

(a) Is é an teampall an Maison Carree ag Nimes sa Fhrainc. **Pointe amháin. (10 marc)**

(b) Tógadh é san Ord Corantach. **Pointe amháin. (10 marc)**

(c) Tógadh é in 16 RCh. Tá sé déata as aolchloch áitiúil. Tá sé tógtha ar ardán ard le céimeanna ag an taobh isteach. Tá póirse domhain heicseaistíl ann le trí bhá oscailte ar gach taobh agus tá colúin dhaingnithe (nó fosaithe) timpeall ar an gcuid eile den teampall atá snoite go hálainn. Is teampall bréagimeallach é. Tá fríos álainn ann de phatrún teannóige agus tá patrúin duilleoige ar abacas gach colúin. Peidiméid shimplí atá ar dhíon claonta an tosaigh. Baineann sé leis an stíl Ágastach.

**Trí phointe. (10, 10, 10) (30 marc)**

Aguisín 1 An Ardteistiméireacht: Léann Clasaiceach – Gnáthleibhéal

Critéir don mheasúnú ar fhreagraí ar cheisteanna domhanda dioscúrsacha

| | | | Ualú | Marcanna |
|---|---|---|---|---|
| Gabháil | Gabháil don cheist | e.g. Tuiscint ar an gceist, Béim/aghaidh a thabhairt ar an gceist, Aidhm shoiléir, Cáilíocht na smaointe, Ábharthacht an ábhair | 40% | 20 marc |
| Forbairt | A mhéid a fhorbraítear smaointe | e.g. Doimhneacht na cóireála, Anailís ar na smaointe, Rogha na dtagairtí, Úsáid an ábhair thacaíochta/léiriúcháin, Ionramháil an ábhair, Cruinneas | 40% | 20 marc |
| Meastóireacht Ghinearálta | Cáilíocht fhoriomlán an fhreagra | e.g. Leanúnachas an phlé, Struchtúr na hargóinte, Láidreacht na smaointe, Áititheacht fhoriomlán, Áititheach, Saothar cothaithe, Cuimsitheacht an fhreagra | 20% | 10 marc |

Marcanna atá le taispeáint ar an bpáipéar

G- ?/20

F- ?/20

MG -?/10

Iomlán-?/50

| | A | B | C | D | E |
|---|---|---|---|---|---|
| 20 Marc | 20 - 17 | 14 | 11 | 8 | 7-0 |

| | A | B | C | D | E |
|---|---|---|---|---|---|
| 10 Marc | 10-9 | 7 | 6 | 4 | 3-0 |

Leathanach Bán